

# EXPLORERS CÚRAM DÁR N-AIGÉAN CLÁR GNÍMH

**Cuir tic sna bosca le taispeáint cad a dhéanfaidh tú féin agus do rang ar mhaithe leis an aigéan.**

**CAD A BHEIDH AR SIÚL AG MO RANG INNIU**




### TABHARFAIDH MÉ EOLAS FÍOR-SPÉISIÚIL DO MO CHAIRDE AGUS DO MO GHAOLTA MAIDIR LEIS AN AIGÉAN

• Tá 70% den phláinéad san aigéan • Tá níos mó gníomhaíocht bholcánach faoin aigéan ná mar atá ar thalamh • Tugtar an t-ainm míol mór gorm ar an ainmhithe is mó ar Domhan agus é suas le 30 méadar ar fad • Níl taiscéalaithe ach 5% den aigéan • Tá eolaithe mara ag fhionnadh ar níos mó ná míle speiceas muirí gach bliain

### GHEOBHAIDH MÉ AMACH CÉN TIONCHAR ATÁ AG AN AIGÉAN ORMSA AGUS CÉN TIONCHAR ATÁ AGAMSA AR AN AIGÉAN

• Tagann os cionn leath den ocsaigin a thugaimid isteach ó phlanda micreascópach a chónaíonn san aigéan • Bíonn tionchar ag an aigéan ar ár n-aeráid agus ar thitim báistí agus bíonn tionchar aige sin ar an aimsir a bhíonn againn • Tugann an t-aigéan uisce úr dúinn tríd an timthriall uisce • Dumpáiltear os cionn 8 billiún tonna plaisteach san aigéan ar fud an domhain gach bliain rud a chuireann isteach ar ghnáthóga agus ar ainmhithe na mara • Súnn an t-aigéan isteach carbón ón atmaisféar rud is cúis le hathrú aeráide agus le haigéadú an aigéin

### STOPFAIDH MÉ PLAISTEACH Ó DHUL ISTEACH SAN AIGÉAN TRÍ PHLAISTEACH A LAGHDÚ, A ATHÚSÁID AGUS A ATHCHÚRSÁIL

• Is féidir liom buidéal uisce agus bosca lón a athúsáid • Is féidir liom málaí siopadóireachta a athúsáid • Ná ceannaigh an oiread táirgí a úsáideann pacáistiú plaisteach • Seiceáil na lipéid agus ná húsáid táirgí ina n-úsáidtear micreaphlaisteach (cloichíní), cosúil le roinnt gallúnach, seampú agus taos fiacla • Cuir bruscar plaisteach i mbosca athchúrsála

**CAD A BHEIDH AR SIÚL AG MO RANG AS SEO GO CEANN SEACHTAINE**



### CABHRÓIDH MÉ CHUN AN T-AIGÉAN A CHOSAINT TRÍ MO LORG CARBÓIN A LAGHDÚ

• Ná húsáid an oiread leictreachais, múch soilse, tarraing amach an luchtaire fóin, an teilifís agus an ríomhaire nuair nach mbíonn siad in úsáid • Ná húsáid an oiread breoslaí carbóin i gcomhair teasa agus cuir geansaí agus stocaí ort féin nuair a éiríonn an aimsir fuar • Ná húsáid an oiread breoslaí carbóin i gcomhair iompair agus téigh ag siúl, ag rothaíocht, roinn carr le duine eile nó bain úsáid as iompar poiblí

### CABHRÓIDH MÉ CHUN COSC A CHUR AR BHRUSCAR ATÁ AG DUL ISTEACH SAN AIGÉAN AGUS CHUN MO THRÁ ÁITIÚIL A CHOINNEÁIL GLAN

• Tabharfaidh mé mo chuid rudaí agus mo bhruuscar liom • Beidh sásta orm chun páirt a nglacfaidh i nglanadh suas trá • Eagróidh mé feachtas póstaeir chun cosc a chur ar chaitheamh bruscair • Spreagfaidh mé an scoil chun trá a fháil ar 'altrama' chun aire a thabhairt dár dtimpeallacht áitiúil

**CAD A BHEIDH AR SIÚL AG MO RANG AS SEO GO CEANN MÍOSA**




### TACÓIDH MÉ LEIS NA TIONSCAIL IASCAIREACHTA AGUS MUIRÍ INBHUANAITHE

• Íosfaidh mé iasc agus ceannóidh mé táirgí muirí ó iascaigh inbhuanaithe • Ceannóidh mé earraí cuimhneacháin nach ndéanann dúshaothrú ar speicis atá i mbaol, cosúil le coiréil agus roinnt sliogán

## Cad eile is féidir le mo rang a dhéanamh chun aire a thabhairt don aigéan?

Póstaer le Cushla Dromgool-Regan & Roisin Dobey. Íomhánna le John Joyce.

www.explorers.ie ExplorersMarineEducation